Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Feabhra 2025**
**(OR. en)**

**5985/25**

**INST 33**
**POLGEN 4**
**AG 11**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Feabhra 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 45 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN<br>Clár oibre an Choimisiúin le haghaidh 2025<br>Dul ar aghaidh le chéile: Aontas níos dána, níos simplí agus níos tapúla |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad

---

Faoi iamh: COM(2025) 45 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 11.2.2025
COM(2025) 45 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**Clár oibre an Choimisiúin le haghaidh 2025**

**Dul ar aghaidh le chéile: Aontas níos dána, níos simplí agus níos tapúla**

GA GA

*‘Dúshláin mhóra ár linne – dúshlán na slándála, dúshlán an athraithe aeráide, agus dúshlán an iomaíochais, cuir i gcás – ní féidir iad a shárú ach trí ghníomhú go comhpháirteach. Ós amhlaidh atá, feictear dom nach mór don Eoraip dul i muinín na rogha is fearr atá ar fáil di: an tAontas Eorpach.*’ - An tUachtarán Ursula von der Leyen, 18 Iúil 2024.

## 1. I dtreo Eoraip láidir aontaithe

Tráth atá éagobhsaíocht mhór ann agus ionchais mhóra ann do mhuintir na hEorpa, is dócha go múnlóidh na roghanna a dhéanfaidh ár nAontas i mbliana an Eoraip go ceann na mblianta fada amach romhainn. Léiríonn sé sin na héagobhsaíochtaí agus na héiginnteachtaí atá os comhair na hEorpa, rudaí a chuir go leor vótálaithe in iúl i líon níos airde ná riamh ag toghcháin Pharlaimint na hEorpa i mí an Mheithimh seo caite. Léiríonn sé scála na ndúshlán atá romhainn agus a bhaineann le glúine éagsúla daoine. Ach léiríonn sé freisin conas is féidir le hAontas **níos dána, níos simplí agus níos tapúla** — aontas a úsáideann a mhéid, a chumhacht agus a luachanna — fíordhifríocht a dhéanamh i saol daoine. Chun tacú leo inniu agus chun todhchaí níos sláine, níos rathúla agus níos sláintiúla a ullmhú do na glúine atá le teacht.

Tagann an clár oibre seo i gcomhthéacs cúlra atá múnlaithe ag raon **dúshlán idirghaolmhar**. Ní mór iomaíochas gheilleagar na hEorpa a threisiú i bhfianaise iomaíocht eacnamaíoch mhéadaithe agus bagairt ar an ord riailbhunaithe. Ós rud é go bhfuil dúshláin roimh ghnólachtaí Eorpacha sa lá atá inniu ann, mar shampla, iomaíocht éagórach, costais arda fuinnimh, ganntanas saothair agus scileanna agus bacainní ar rochtain ar chaipiteal, agus ar sprioc fhadtéarmach na hEorpa a bhaint amach maidir le bheith ar an gcéad mhór-roinn aeráidneodrach faoi 2050, ní mór dúinn deireadh a chur le coscáin struchtúracha ar iomaíochas an Aontais. Tá gnólachtaí agus saoránaigh ag iarraidh freisin rialacha atá níos simplí le leanúint agus gníomhaíocht lena bhféadfar athrú a dhéanamh níos tapúla.

Tá athchóiriú suntasach déanta ag an éagobhsaíocht gheopholaitiúil agus ag cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine ar thírdhreach slándála na hEorpa. Is ábhar imní fós í an imirce neamhdhleathach, agus ní mór do dhaoine muinín a bheith acu go ndéanfaidh a rialtais agus a n-institiúidí an cás a bhainistiú go héifeachtach, agus aitheantas á thabhairt ag an am céanna don ghá atá ann aghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna trí imirce lucht saothair freisin. Tá tionchar soiléir ag an athrú aeráide ar shaol laethúil na saoránach agus na ngnólachtaí ar fud na hEorpa, tionchar atá ag éirí níos tromchúisí, mar a léiríodh leis an iliomad teagmhais adhaimsire a d’fhulaing ár mór-roinn le blianta beaga anuas. Ní mór ár sochaithe a neartú agus ár gcáilíocht saoil a choinneáil ar bun go leanúnach — slándáil bia agus fuinnimh agus ár dtimpeallacht nádúrtha san áireamh. Tá ionsaí á dhéanamh ar na croíluachanna ar a bhfuil ár nAontas bunaithe, lena n-áirítear ár ndaonlathas, agus tá fianaise shoiléir ann ar fheachtais trasnaíochta eachtraí.

Athdhearbhaítear leis sin go léir go bhfuil dúshláin na hEorpa rómhór chun dul i ngleic leo ceann ar cheann. Tá na deiseanna atá againn rómhór le hiad a thapú inár n-aonar. Is le h**Aontas láidir aontaithe**, agus leis sin amháin, is féidir a áirithiú go leanfaidh an Eoraip de thorthaí a bhaint amach sa bhaile agus go ndéanfaidh sí a tionchar agus a leasanna ar fud an domhain a chur chun cinn. Leis an aontacht sin, cosnaítear ár luachanna Eorpacha, cothaítear an

daonlathas, an dlúthpháirtíocht agus an comhionannas, agus áirithítear mór-roinn atá cothrom ó thaobh na sochaí de nach bhfágfar aon duine ar lár inti.

Is é sin an spreagadh is mó atá ag an gcéad chlár oibre seo de chuid an Choimisiúin don Choláiste nua. Agus é ullmhaithe de réir na **dTreoirlínte Polaitiúla agus na litreacha misin** a sheol an tUachtarán Ursula von der Leyen chuig gach Comhalta den Choláiste, leagtar amach ann na príomhthionscnaimh a dhéanfaidh an Coimisiún sa chéad bhliain dá théimhse oifige. Díríonn sé ar ghníomhaíocht mhisniúil chun ár **slándáil, ár rathúnas agus ár ndaonlathas** a neartú agus chun freagairt do na saincheisteanna is mó tábhacht do mhuintir na hEorpa. Léiríonn sé an gá atá ann — a chuir saoránaigh agus gnólachtaí araon in iúl — an Eoraip a dhéanamh **níos tapúla agus níos simplí** maidir leis an gcaoi a ngníomhaímid agus a n-idirghníomhaímid agus a áirithiú go mbeidh an tionchar is tapúla is féidir ag ár dtograí chun tacú le daoine agus chun ár ngeilleagar sóisialta margaidh a neartú.

An gá le hinfheistíocht inár dtosaíochtaí a threisiú, beidh baint trasearnálach aige le hobair an Choláiste , agus leagfar amach sa togra le haghaidh buiséad fadtéarmach nua conas is féidir an méid sin a bhaint amach. Tabharfaimid céimeanna chun ullmhú d’Aontas níos mó agus cuirfimid dlús leis na hiarrachtaí tacú le tíortha is iarrthóirí le linn an phróisis bunaithe ar fhiúntas i dtreo a n-aontachais. De bharr na coinbhleachta agus an tsuaite i saol an lae inniu tá méadú ar an bhfeasacht freisin gur **Aontas níos láidre é Aontas níos mó**, rud a fhágann go bhfuil ár mór-roinn níos sláine, ár magadh níos iomaíche agus go bhfuil daonlathas na hEorpa á dhaingniú a thuilleadh aige.

## 2. <u>Rialacha a shimpliú agus cur chun feidhme éifeachtach</u>

Tá an tAontas ina mhol tionsclaíochta agus nuálaíochta le fada an lá, agus tá geilleagar sóisialta margaidh ar leith aige. Chun cuidiú le borradh a chur faoin iomaíochas, faoin rathúnas agus faoin athléimneacht san Aontas, leagtar amach **fís agus uirlisí do chlár oibre maidir le cur chun feidhme agus simpliú** i dTeachtaireacht a ghabhann leis an gclár oibre seo. Trí chomhpháirtíochtaí láidre a chruthú le gnólachtaí agus le páirtithe leasmhara, scrúdóimid dearadh agus cur i bhfeidhm ár reachtaíochta chun rialacháin a chuíchóiriú agus beartais a chur chun feidhme ar bhealach níos éifeachtaí. Rachaidh sé chun tairbhe ar an gcéad dul síos d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna).

Cuirtear i láthair sa chlár oibre seo an chéad sraith de thograí Omnibus lena simplítear píosaí éagsúla reachtaíochta, mar aon leis an líon is mó tionscnamh a bhfuil gné láidir simpliúcháin ag baint leo. Cuideoidh siad leis an sprioc a bhaint amach ualaí riaracháin a laghdú 25 % ar a laghad, agus 35 % ar a laghad d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna). Áirítear sa chlár oibre freisin plean bliantúil meastóireachtaí agus seiceálacha oiriúnachta chun leanúnachas an chleachtais simplithe agus laghdaithe ualaigh a áirithiú.

Leis na **tograí Omnibus**, a glacadh ina dhiaidh sin, rachfar i ngleic leis na hearnálacha tosaíochta a chuir páirtithe leasmhara in iúl agus dá dtagraítear i dtuarascáil Draghi. Díreoidh siad a n-iarrachtaí ar chomhleanúnachas a áirithiú, móiminteam a fhorbairt agus, ar an gcaoi sin, simpliú a uasmhéadú trí aghaidh a thabhairt ar na hiarmhairtí a bhaineann le hidirghníomhaíochtaí píosaí éagsúla reachtaíochta. Go háirithe, molfaidh an Coimisiún go

ndéanfaí **tuairisciú inbhuanaitheachta, dícheall cuí inbhuanaitheachta agus tacsanomaíocht** a chuíchóiriú agus a shimpliú, agus go gcruthófaí **catagóir nua cuideachtaí meánchaipitlithe beaga** le ceanglais oiriúnaithe. Éascóidh bearta eile cur chun feidhme de chuid **an chláir InvestEU agus an Chiste Eorpaigh le haghaidh infheistíochtaí straitéiseacha**, lena n-áirítear trí thuairisciú a shimpliú agus borradh a chur faoin infheistíocht.

Cuirfimid dlús lenár gconair i dtreo timpeallacht rialála dhigiteach, agus molfaimid deireadh a chur le **ceanglais neamhéifeachtúla maidir le formáidí páipéir** i reachtaíocht táirgí agus forbróimid sineirgí agus comhsheasmhacht le haghaidh rialacha maidir le **cosaint sonraí** agus **cibearshlándáil**. Le **bearta simpliúcháin a bhaineann leis an gComhbheartas Talmhaíochta** agus réimsí beartais eile a bhfuil tionchar acu ar fheirmeoirí, tabharfar aghaidh tuilleadh ar fhoinsí castachta agus ar ualach riaracháin iomarcach ar lucht riaracháin náisiúnta agus ar fheirmeoirí. Déanfar tuilleadh tograí simpliúcháin a mheas, ina measc sin omnibus a d'fhéadfadh a bheith ann i réimse na cosanta chun cabhrú leis na spriocanna infheistíochta a leagfar amach sa Pháipéar Bán a bhaint amach, agus chun go mbeidh rath ar chuideachtaí nuálacha.

Sa bhreis ar thograí Omnibus, tá tionscnaimh eile dírithe ar an reachtaíocht a shimpliú chun deonú ceadanna, údaruithe agus ceanglais tuairiscithe a chuíchóiriú agus chun infheistíocht san Eoraip a dhéanamh níos éasca. Áirítear orthu sin, mar shampla, an **gníomh um Dhlús a Chur leis an Dícharbónú Tionsclaíoch** a thacóidh le tionscail dianfhuinnimh,

Cuirfidh an **Plean Bliantúil le haghaidh meastóireachtaí agus seiceálacha oiriúnachta** ar ár gcumas breathnú go criticiúil ar an bhféidearthacht *acquis* an Aontais a shimpliú, a chomhdhlúthú agus a chódú agus deiseanna a aimsiú chun costais a laghdú mar chuid dár dtástáil struis. Maidir leis an meastóireacht ar chláir agus ar chistí faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil, tabharfar deis eile leis seo ar mheasúnú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir ualaí a bhaineann le cláir airgeadais an Aontais a laghdú.

Chomh maith le simpliú, **tá sé ríthábhachtach dlíthe agus beartais an Aontais a chur chun feidhme go héifeachtach** chun a áirithiú go n-oibreoidh siad i gceart. Oibreoidh an Coimisiún i gcomhar le Parlaimint na hEorpa, leis an gComhairle, le húdaráis na mBallstát ar gach leibhéal agus le páirtithe leasmhara chun aghaidh a thabhairt ar rórialáil, chun rialacha a shimpliú agus chun beartais a chur chun feidhme ar bhealach níos éifeachtaí. Chuige sin, **beidh ar na hinstitiúidí uile úinéireacht láidir a ghlacadh ar chlár oibre uaillmhianach maidir le cur chun feidhme agus simpliú**.

Chun mothú na **húinéireachta coitinne de chuid na n-institiúidí uile** a chothú i dtreo rialacha agus beartais a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr, déanfaidh gach Coimisinéir tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn maidir le forfheidhmiú agus cur chun feidhme a thíolacadh dá bhfoirmíocht faoi seach de choistí Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle.

**Beidh rannpháirtíocht páirtithe leasmhara agus cleachtóirí** ina bunchloch de chur chuige an Choimisiúin i leith rialacha an Aontais a chur chun feidhme go rathúil. Le **hidirphlé tráthrialta cur chun feidhme** idir Coimisinéirí agus páirtithe leasmhara, cuirfear deiseanna ar fáil ar mheasúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn, chun réimsí ar gá aird a thabhairt orthu a

shainaithint agus chun aiseolas a bhailiú maidir leis an méid atá ag obair agus an méid nach bhfuil ag obair.

I gcás nach leor bearta coisctheacha agus comhar leis na Ballstáit chun sárú ar dhlí an Aontais a sheachaint, leanfaidh an Coimisiún de bheith **diongbháilte maidir le nósanna imeachta maidir le sárú a sheoladh**. Agus níos mó ná 1 500 cás maidir le sárú fós ar siúl, tá an obair sin ríthábhachtach i gcónaí chun cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú aonfhoirmeach dhlí an Aontais a áirithiú ar fud na mBallstát uile.

## 3. Ár bplean maidir le neart agus aontacht na hEorpa a chur i gcrích

### 3.1. Plean nua chun go mbeidh rathúnas agus iomaíochas na hEorpa inbhuanaithe

Is lárionad tionsclaíochta, nuálaíochta agus fiontraíochta í an Eoraip le fada an lá, lárionad ina bhfuil taighdeoirí agus ollscoileanna den chéad scoth, gnólachtaí beaga rathúla agus creat dlíthiúil cobhsaí. Mar sin féin, tá dúshláin shuntasacha ag baint leis an rás domhanda chun aeráidneodracht a bhaint amach agus a bheith ar thús cadhnaíochta i bhforbairt teicneolaíochtaí a mhúnlóidh an geilleagar domhanda ar feadh na mblianta fada amach romhainn. Tá saincheisteanna struchtúracha fós ag cur bac ar iomaíochas na hEorpa, ós rud é go mbíonn ar ghnólachtaí aghaidh a thabhairt ar thimpeallacht luaineach dhomhanda arb iad is príomhthréithe di iomaíocht éagórach, slabhraí soláthair leochaileacha, costais fuinnimh atá ag ardú, ganntanais saothair agus scileanna agus rochtain theoranta ar chaipiteal. Chun cabhrú leis an gcomhrac i gcoinne an mhéid sin, stiúrfaidh an **Compás Iomaíochais** ár n-iarrachtaí le linn an tsainordaithe ar iomaíochas na hEorpa a fheabhsú, rud atá ina phríomhthosaíocht ag an gCoimisiún seo.

Beidh an margadh aonair Eorpach ina chuid lárnach dár n-iomaíochas amach anseo. Ceann de na héachtaí is mó atá bainte amach ag an Aontas Eorpach is ea an margadh aonair, margadh a spreagann fás eacnamaíoch agus a éascaíonn an saol laethúil do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí na hEorpa. Leis an **Straitéis maidir le Margadh Aonair**, cuirfimid straitéis chothrománach nua i láthair le haghaidh margadh aonair nuachóirithe. Leagfar síos leis bealach soiléir i dtreo soláthar trasteorann seirbhísí agus earraí a éascú a thuilleadh. Breathnófar sa straitéis freisin ar chur chun feidhme iomlán na rialacha atá ann cheana agus ar deireadh a chur le bacainní chun borradh a chur faoi acmhainneacht ghnólachtaí iomaíocha an Aontais. Tá gá freisin le soghluaisteacht chothrom agus éifeachtach an lucht saothair ar fud an Aontais chun margadh aonair láidir a bhaint amach. Ag an am céanna, trí thíortha is iarrthóirí a chomhtháthú go luath agus de réir a chéile i gcodanna den mhargadh aonair, cuirfear feabhas ar shlabhraí luacha Eorpacha agus éascófar an próiseas cóineasaithe.

Díreoimid go háirithe ar ghnólachtaí nua agus ar ghnólachtaí atá ag fás chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a dhéanann difear do **ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú san Aontas**, lena n-áirítear maidir le rochtain ar mhaoiniú agus ar bhonneagar, dul isteach i margaí nua, sonraí a fháil agus an tallann is gá a mhealladh. Réiteoidh an obair sin an bealach d'Ionstraim um Nuálaíocht a mholfaidh an Coimisiún níos déanaí sa sainordú. Chun tacú le cuideachtaí nuálacha infheistíocht a dhéanamh sa mhargadh aonair agus oibriú ann gan aghaidh a thabhairt ar 27 gcóras dlí ar leith, oibreoidh an Coimisiún i dtreo an 28ú córas dlí

chun na rialacha is infheidhme a shimpliú agus chun costas teipe a laghdú, lena n-áirítear aon ghné ábhartha den dlí corparáideach, den dócmhainneacht, den dlí saothair agus den dlí cánach.

Tá an **Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan** i gcroílár ár bplean chomhoibrithigh don dícharbónú, don inbhuanaitheacht agus don iomaíochas. Leagfar amach sa tionscnamh seo ár straitéisí gearrthéarmacha a bhfuil práinn ag baint leo chun tacú leis an tionscal agus chun na dálaí is fearr is féidir a chruthú chun go mbeidh an tionscal in ann a bheith iomaíoch arís agus, san am céanna, chun go mbeidh sé in ann dícharbónú a dhéanamh. Cuideoidh sé leis an Eoraip chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach, agus san am céanna déanfar rochtain ar fhuinneamh inacmhainne a fheabhsú, príomh-mhargaí a chruthú agus borradh a chur faoi sholáthar ábhar, táirgí agus seirbhísí ciorclacha, chomh maith le slándáil eacnamaíoch a neartú. Ina theannta sin, molfaimid plean gníomhaíochta chun fuinneamh a dhéanamh níos inacmhainne don Eoraip, chun an Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan a chumhachtú. Forbróimid freisin Creat nua Státchabhrach chun dlús a chur le leathadh amach an fhuinnimh in-athnuaite, chun dícharbónú tionsclaíoch a neartú agus chun acmhainneachtaí monaraíochta leordhóthanacha a chinntiú don teicneolaíocht ghlan. Cuirfimid borradh faoin infheistíocht san fhuinneamh glan freisin, lena n-áirítear trí chaipiteal príobháideach a scaoileadh.

Beidh an iarracht sin nasctha le tacar cuimsitheach beart maidir le comhtháthú fuinnimh, lena dtabharfar aghaidh ar an ngá atá ag an Eoraip le bonneagar eangaí uasghrádaithe agus digitithe, agus béim ar leith á leagan ar an eangach leictreachais. Féachfaidh sé ar mhodhanna chun córais téimh agus fuaraithe na hEorpa a dhícharbónú agus chun saoránaigh agus pobail a chomhtháthú mar phríomh-rannpháirtithe san aistriú fuinnimh. Glacfaimid **treochlár freisin chun deireadh a chur le hallmhairí fuinnimh na Rúise** chun ár spleáchais a laghdú a thuilleadh agus deireadh a chur de réir a chéile le hallmhairí fuinnimh uile na Rúise. Cuirfidh an Coimisiún Clár Léiriúcháin Núicléach 2025 ar aghaidh freisin, agus cuirfidh sé plean straitéiseach síos don Chomhghuaillíocht Thionsclaíoch Eorpach maidir le hImoibreoirí Modúlacha Beaga (IMBanna) chun tacú le dlús a chur le IMBanna.

Beidh sé ina chuid den Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan freisin príomhthionscail san Eoraip a dhéanamh níos ciorclaí agus níos inbhuanaithe, agus san am céanna riarachán a éascú agus costais chomhlíonta a laghdú chun borradh a chur faoin iomaíochas. Cuirfidh pacáiste do thionscal na gceimiceán borradh faoi iomaíochas thionscal ceimiceán an Aontais agus cuirfidh sé córas níos simplí ar fáil chun ceimiceáin a chlárú, a mheas agus a údarú agus soiléireacht maidir le 'buancheimiceáin'. Cuideoidh an t-**athbhreithniú spriocdhírithe ar rialacha an Aontais maidir le ceimiceáin (REACH)** leis na rialacha do thionscal na gceimiceán a shimpliú gan cur isteach ar shábháilteacht ná ar chosaint an chomhshaoil.

Chun rochtain a bhfuil géarghá léi ar dheiseanna infheistíochta agus cistiúcháin a éascú, cuirfidh an t**Aontas Coigiltis agus Infheistíochta** treoirphlean mór ar fáil le haghaidh bearta chun fíormhargadh inmheánach le haghaidh caipitil a chruthú, rud a chuideoidh le hinstitiúidí airgeadais scála a bhaint amach agus a bheith níos iomaíche ar an margadh domhanda, agus san am céanna rannchuideoidh sé go mór le freastal ar riachtanais chistiúcháin an Aontais nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo. Áireofar leis **athbhreithniú ar an gCreat Urrúsúcháin**,

athbhreithniú a ceapadh chun cistiú príobháideach a spreagadh agus borradh breise a chur faoin iomaíochas. Ina theannta sin, leis an **Uirlis um Chomhordú Iomaíochais**, lena gcomhlánaítear an Seimeastar Eorpach, déanfaimid athchóirithe agus infheistíochtaí, idir phríobháideach agus phoiblí, a ailíniú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, chun ár dtosaíochtaí beartais a bhaint amach ar bhealach níos fearr.

Beidh an Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan fite fuaite le **sprioc laghdaithe astaíochtaí 90 % atá beartaithe do 2040** a bheidh le cumhdach inár **nDlí Aeráide Eorpach**. Roimh chruinniú **COP30** in Belem, an Bhrasaíl i mí na Samhna 2025, leagfaimid amach ár bhfís dhomhanda maidir leis an aeráid agus fuinneamh.

Féachfaidh an Coimisiún le h**eolaíochtaí beatha na hEorpa** a úsáid chun nuálaíocht sa bhiteicneolaíocht a spreagadh, acmhainní a chomhthiomsú, bacainní rialála a bhriseadh, leas iomlán a bhaint as acmhainneacht sonraí agus na hintleachta saorga (IS), agus borradh a chur faoin gcur in úsáid. Agus an saineolas Eorpach sin á fhorbairt, beidh bithgheilleagar rathúil ríthábhachtach chun ceannaireacht thionsclaíoch an Aontais a choinneáil ar bun agus chun ár dtionscail a dhéanamh athléimneach i leith na ndúshlán a bhaineann leis an athrú aeráide, le cailliúint na bithéagsúlachta agus leis an truailliú. Leis an **Straitéis Bhithgheilleagair**, cuirfear chun cinn táirgeadh, úsáid agus tomhaltas níos ciorclaí agus níos inbhuanaithe acmhainní bitheolaíocha le haghaidh bia, ábhar, fuinnimh agus seirbhísí.

Beidh córas iompair inbhuanaithe a fheidhmeoidh go maith agus a sheasfaidh an aimsir agus lena bhféadfar táirgí a loingsiú gan fhadhb thar mhodhanna iompair agus thar theorainneacha ina chnámh droma ag geilleagar rathúil agus tionscal láidir. Cuirfidh an Coimisiún **Plean Infheistíochta Iompair Inbhuanaithe** chun cinn, creat straitéiseach chun tacú le táirgeadh agus dáileadh breoslaí iompair inbhuanaithe. Áireofar ann bearta chun tacú le leathadh amach luathaithe an bhonneagair athluchtaithe agus athbhreoslaithe agus comhpháirtíochtaí tiomnaithe glasa trádála agus infheistíochta le tríú tíortha maidir le breoslaí iompair in-athnuaite agus ísealcharbóin.

Is é an réamhchoinníoll is tábhachtaí chun go mbeidh geilleagar digiteach rathúil ann, bonneagar digiteach ardacmhainneachta iontaofa. Dá bhrí sin, leis an **nGníomh um Líonraí Digiteacha**, cruthófar deiseanna d'oibriú líonra trasteorann agus do sholáthar seirbhíse, cuirfear feabhas ar iomaíochas an tionscail agus cuirfear feabhas ar chomhordú speictrim.

Chomh maith le rochtain níos fearr ar shonraí, le tacaíocht ó Ghníomh um Fhorbairt na Néalríomhaireachta agus na hIntleachta Saorga, oibreoimid freisin chun an leas is fearr is féidir a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an intleacht shaorga. Beidh sé sin ina aidhm ag Plean Gníomhaíochta um Mór Roinn na hIntleachta Saorga lena gcumhdófar **Monarchana IS lena gcuirfear borradh faoi éiceachórais iomaíocha IS san Eoraip** chomh maith leis an **straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga**. Le **Straitéis Chandamach an Aontais**, agus Gníomh Candamach ag teacht sna sála uirthi, coinneoimid seasamh ceannródaíoch domhanda san earnáil chriticiúil seo, cosnóimid sócmhainní straitéiseacha, leasanna, neamhspleáchas agus slándáil, agus seachnófar cás spleáchais straitéisigh ar fhoinsí nach foinsí de chuid an Aontais iad. Rannchuideoidh an straitéis lenár n-acmhainneachtaí féin a fhorbairt

chun taighde agus forbairt a dhéanamh ar theicneolaíochtaí candamacha, agus chun gairis agus córais atá bunaithe orthu a tháirgeadh.

Leis an **Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa**, simpleoimid malartuithe gnólacht le gnólacht agus gnólacht le rialtas le haghaidh gnólachtaí. Chomh maith le malartú slán sonraí a éascú, chuirfeadh an sparán gnó deiseanna nua gnó ar fáil do sholáthraithe seirbhísí iontaoibhe.

Tá oibríochtaí spáis ríthábhachtach dár ngeilleagar nasctha, lena n-áirítear seirbhísí nuálacha amhail faireachán comhshaoil agus aeráide. Chun creat de chuid an Aontais a bhunú lena rialófar iompar oibreoirí spáis Eorpacha agus lena gcuirfear timpeallacht ghnó chobhsaí intuartha iomaíoch ar fáil, cuirfimid **Gníomh Spáis** chun cinn. Tabharfaidh sé aghaidh freisin ar shaincheist mhéadaitheach an smionagair spáis agus ar thionchar na ngníomhaíochtaí spáis ar an gcomhshaol. Glacfaimid céimeanna freisin chun leas níos fearr a bhaint as an ngeilleagar spáis.

### 3.2. Ré nua do Chosaint agus Slándáil na hEorpa

Cuireann imeachtaí geopholaitiúla a tharla le déanaí i bhfios go láidir arís nach mór slándáil na hEorpa a chosaint, chun síocháin, cobhsaíocht agus rathúnas ár ngeilleagar agus ár sochaí a ráthú. Dá bhrí sin, is **ábhar práinne é ullmhacht géarchéimeanna agus ullmhacht cosanta na hEorpa a neartú** agus aghaidh á tabhairt ag an Aontas agus ag na Ballstáit ar bhagairtí agus ar ghéarchéimeanna ilghnéitheacha, casta agus trasteorann. Is bagairt eiseach ar shlándáil na hEorpa é cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus ní mór dúinn leanúint de thacaíocht a thabhairt don Úcráin gan staonadh. Ní mór na hacmhainní a bheith ag an Eoraip chun í féin a chosaint agus chun naimhde a d'fhéadfadh a bheith ann a dhíspreagadh — ní féidir linn an seans a ghlacadh go mbeimid neamhullmhaithe nó go mbeimid ag brath an iomarca ar dhreamanna eile. Ní mór dúinn **fíor-Aontas Eorpach um Chosaint** a thógáil ina mbeidh tionscal cosanta iomaíoch. Ní mór don Eoraip níos mó infheistíochta a dhéanamh, infheistíocht níos fearr a dhéanamh, infheistíocht a dhéanamh le chéile agus infheistíocht san Eoraip a dhéanamh. Oibreoimid i n**dlúthchomhar le hEagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (ECAT)** agus le dlúthpháirtithe eile agus cuirfimid borradh faoin infheistíocht chun ár mbonn tionsclaíoch cosanta agus ár mbonneagar dé-úsáide a neartú. In éineacht leis an Ardionadaí, cuirfimid síos **Páipéar Bán maidir le Todhchaí Chosaint na hEorpa**, chun comhairliúchán leathan a sheoladh maidir le creat de chuid an Aontais a bhunú le haghaidh riachtanais infheistíochta cosanta agus le haghaidh cumais chosanta chriticiúla, chomh maith le roghanna cistiúcháin.

Ó shlándáil agus cobhsaíocht eacnamaíoch go haeráid, teicneolaíocht agus sláinte phoiblí, ní féidir linn freagra a thabhairt ar ghéarchéimeanna de réir mar a tharlaíonn siad a thuilleadh. Ní mór dúinn an Eoraip a chumhachtú chun géarchéimeanna a réamh-mheas, chun iad a chosc agus chun ullmhú dóibh ar bhealach níos fearr. De réir mar a thiocfaidh bagairtí agus éiginnteachtaí domhanda nua chun cinn, ar bagairtí agus éiginnteachtaí de chineál hibrideach iad go minic, feidhmeoidh an **Straitéis um Aontas na hUllmhachta** mar bhonn d'Aontas a bheidh níos láidre, níos ullmhaithe agus níos athléimní, agus é ag tógáil ar thuarascáil speisialta Sauli Niinistö. Comhlánófar é le hiarrachtaí ar **thacú le frithbhearta leighis in aghaidh bagairtí ar an tsláinte phoiblí** agus le **Straitéis Stoc-Charntha de chuid an Aontais**, arb é is

aidhm dóibh feabhas a chur ar ár n-ullmhacht agus ar ár bhfreagairt ar bhagairtí trasteorann. Leis an n**Gníomh um Tháirgí Íocshláinte Criticiúla**, laghdóimid na spleáchais ar tháirgí íocshláinte criticiúla agus ar chomhábhair chriticiúla, i gcás nach bhfuil ach líon beag monaróirí nó tíortha soláthair ann.

Chun aghaidh a thabhairt ar na bagairtí slándála trasteorann atá os comhair na hEorpa agus atá ag éirí níos casta i gcónaí, cuirfear sraith chuimsitheach gníomhaíochtaí i láthair sa **Straitéis nua Eorpach um an tSlándáil Inmheánach** chun a bheith in ann bagairtí a réamh-mheas, chomh maith le hathléimneacht agus cumais an Aontais a neartú chun coireanna agus bagairtí nua agus atá ann cheana a chosc agus freagairt dóibh. Leis an **Treoir maidir le Gáinneáil ar Airm Thine**, cuirfear caighdeáin comhchoiteanna dlí choiriúil ar fáil maidir le gáinneáil aindleathach ar airm thine, agus leis na **rialacha nua maidir le réamhtheachtaithe drugaí**, laghdófar a n-infhaighteacht le haghaidh monarú aindleathach drugaí agus déanfar bearta rialúcháin níos éifeachtúla. Chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí atá ag athrú, déanfaidh an Coimisiún tuilleadh tograí chun athléimneacht an bhonneagair fhisicigh agus dhigitigh a chosaint agus a neartú ar bhealach níos fearr. Trí thógáil ar ár b**plean gníomhaíochta um chibearshlándáil ospidéal agus soláthraithe cúraim sláinte**, cuirfimid leis an acmhainneacht teagmhais chibearshlándála a chosc sa réimse an-íogair seo. Déanfaimid beart freisin chun cosaint níos fearr a thabhairt dár m**bonneagar faoin bhfarraige**, go háirithe **cáblaí teileachumarsáide**, ar cuid riachtanach iad dár mbonneagar digiteach criticiúil agus atá faoi réir bagairtí hibrideacha níos mó agus níos mó.

Anuas ar an ról atá aige maidir le soghluaisteacht a chothú, tá giaráil gheopholaitiúil shuntasach ag beartas víosaí an Aontais freisin. Dá bhrí sin, oibreoimid chun leasanna an Aontais a chur chun cinn inár mbeartas víosaí i dtimpeallacht dhomhanda atá ag éirí níos casta i gcónaí.

Cuirfimid dlús leis na hiarrachtaí an **Comhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann maidir le hImirce agus Tearmann a chur chun feidhme**: Chuige sin, tá gá le gníomhaíocht chomhordaithe éifeachtach chun cur chuige daingean cothrom a áirithiú, lena n-áiritheofar slándáil theorainneacha an Aontais agus nósanna imeachta níos tapúla maidir le tearmann agus filleadh, agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar bhunchúiseanna na himirce agus cosaint na gceart bunúsach á ráthú. Chuige sin, beidh gá freisin le dlúthchomhar leanúnach trí chomhpháirtíochtaí cuimsitheacha le comharsana an oirthir agus an deiscirt chun cuidiú leis an imirce neamhdhleathach a chosc. I ndáil leis an méid sin, leagfar amach inár gcéad **Straitéis cúig bliana Eorpach um Imirce agus Tearmann** creat straitéiseach réamhbhreathnaitheach le haghaidh obair leantach faoin gComhshocrú, ag tógáil ar straitéisí cuimsitheacha náisiúnta imirce agus tearmainn Bhallstáit an Aontais. Ag an am céanna, ní mór dúinn líonraí smuigleála a chomhrac, agus ar an gcaoi sin tuilleadh básanna a chosc. Agus tá gá againn le nósanna imeachta níos láidre agus níos éifeachtaí maidir le filleadh do dhaoine nach bhfuil an ceart dlíthiúil acu fanacht san Aontas, rud a chomhlánóidh an obair atá á déanamh lenár gcomhpháirtithe tríú tír chun an t-athligean isteach a neartú. Chun an Comhshocrú a chomhlánú, cuirfimid **cur chuige coiteann nua maidir le fillteacha** i láthair, le creat reachtach nua chun dlús a chur leis an bpróiseas um fhilleadh agus chun é a shimpliú, mar aon le hobair le comhpháirtithe tríú tíortha chun an t-athligean isteach a neartú. Leis an gcur chuige nua sin, bainfear leas iomlán as acmhainneacht an digitithe freisin.

### 3.3. Tacú le daoine agus ár sochaithe agus ár múnla sóisialta a neartú

Is bunchloch shochaíoch agus buntáiste iomaíoch araon é **múnla sóisialta uathúil na hEorpa, ar múnla an-luachmhar é.** Mar sin féin, thug géarchéimeanna a bhí ann le déanaí a dhúshlán trí thionchar a imirt ar chostais mhaireachtála, ar thithíocht agus ar neamhionannais. Tá sé sin níos measa fós mar gheall ar na hathruithe gasta teicneolaíochta, an t-athrú déimeagrafach agus na haistrithe earnála atá ar siúl faoi láthair. Dá bhrí sin, beidh sé ina phríomhfhócas ag an gCoimisiún seo **an chothroime shóisialta a neartú**. Trínár múnla sóisialta a choimirciú agus cothroime a áirithiú i ngeilleagar atá ag athrú ó bhonn, is féidir linn rathúnas a spreagadh, agus na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach á thapú.

Ó 2017 i leith, tá prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta ag treorú iarrachtaí dul i ngleic le dúshláin chomhroinnte maidir le fostaíocht, scileanna agus saincheisteanna sóisialta. Rinneadh gníomhaíochtaí nithiúla de na prionsabail sin trí phlean gníomhaíochta tiomnaithe a bhfuil príomhspriocanna do 2030 aige. Tá sé ríthábhachtach tús áite a thabhairt don chur chun feidhme leanúnach, agus cuirfimid dlús leis na hiarrachtaí trí **phlean gníomhaíochta nua um chur i bhfeidhm Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta**.

Chun aistriú cóir glan, digiteach agus sóisialta a áirithiú, agus mar a gealladh ag Cruinniú Mullaigh na gComhpháirtithe Sóisialta in Val Duchesse agus ag an Dearbhú Trípháirteach maidir le hIdirphlé Sóisialta Eorpach Rathúil, tabharfaimid Comhshocrú nua maidir le hIdirphlé Sóisialta i gcrích in éineacht le ceardchumainn agus fostóirí Eorpacha. Ag an am céanna, leanfaimid de dhul i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta maidir leis na saincheisteanna uile atá ábhartha dóibh. Tá an Coimisiún seo tiomanta freisin do rannpháirtíocht na hóige a neartú a thuilleadh agus rún daingean aige a áirithiú go ndéanfar dearcadh na hóige a chomhtháthú i gceapadh beartas. Trí shraith d'Idirphléití Beartais leis an Aos Óg, in éineacht le tionscnaimh eile, cuirfear léargais ó dhaoine óga san áireamh agus beartais an Aontais á múnlú.

Chun an leas is fearr is féidir a bhaint as tionscail chultúrtha agus chruthaitheacha na hEorpa — atá i measc na n-earnálacha is dinimiciúla agus is iomaíche inár ngeilleagar — forbróimid creat chun leas a bhaint as gnéithe iomadúla ár gcultúir agus ár n-oidhreachta cultúrtha.

I ndomhan atá ag athrú ó bhonn, ní mór dúinn a áirithiú go mbeidh an t-oideachas agus an oiliúint a theastaíonn uathu ag gach oibrí. Rachaidh **Aontas na Scileanna** i ngleic le bearnaí scileanna agus saothair, rud a áiritheoidh go mbeidh rochtain ag ár ngnólachtaí ar an lucht saothair oilte is gá chun a dtáirgiúlacht agus a n-iomaíochas a spreagadh. Áiritheoidh sé freisin go mbeidh na huirlisí cearta ag ár gcórais oideachais agus oiliúna chun muintir na hEorpa de gach glúin a ullmhú do thodhchaí atá ag athrú go tapa, trí oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil atá ar ardchaighdeán agus cuimsitheach. Ag an am céanna, oibreoimid chun **poist ar ardchaighdeán** a áirithiú le dálaí oibre cuibhiúla, ardchaighdeáin maidir le sláinte agus sábháilteacht agus cómhargáil.

Tá ról lárnach ag tomhaltóirí inár ngeilleagar sóisialta margaidh, rud a chuireann leis an bhfás inbhuanaithe agus le margadh aonair níos iomaíche. Bhí tionchar dearfach ag reachtaíocht cheannródaíoch le déanaí, amhail an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha agus an Gníomh um Margaí Digiteacha, ar chosaint tomhaltóirí. Mar sin féin, ní mór dúinn leanúint dár gcuid oibre

chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh, chun tomhaltóirí leochaileacha a chosaint agus chun forfheidhmiú a áirithiú. Áireofar sa **chéad Chlár Oibre eile maidir le Tomhaltóirí 2025-2030 plean gníomhaíochta nua maidir le tomhaltóirí sa mhargadh aonair** lena n-áiritheofar cur chuige cothrom lena gcosnófar tomhaltóirí gan ualach rómhór maorlathais a chur ar chuideachtaí.

### 3.4. Ár gcáilíocht saoil a choinneáil ar bun: an fheirmeoireacht, slándáil bia, uisce agus an dúlra

Tá soláthar slán inacmhainne de bhia áitiúil ar ardchaighdeán de dhíth ar an Eoraip, bia a tháirgtear ar bhealach atá inbhuanaithe ó thaobh na sochaí agus an chomhshaoil de, a thugann ioncam cothrom leordhóthanach d’fheirmeoirí, a áirithíonn iomaíochas fadtéarmach fheirmeoireacht na hEorpa agus a urramaíonn agus a chosnaíonn ár dtimpeallacht nádúrtha.

Ag tógáil ar thoradh an Idirphlé Straitéisigh faoi Thodhchaí na Talmhaíochta san Aontas Eorpach, áiritheofar le **Fís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia** creat cobhsaí d’fheirmeoirí agus leagfar amach treochlár le haghaidh príomhthograí straitéiseacha. Cuirfidh an fhís peirspictíocht fhadtéarmach ar fáil freisin d’oibreoirí gnólachtaí, lena n-áirítear feirmeoirí, iascairí, FBManna agus gníomhaithe eile sa bhiashlabhra.

Tá ról tábhachtach ag na haigéin agus ag na farraigí i ndáil le rathúnas, inbhuanaitheacht agus slándáil na hEorpa, lena n-áirítear a gcumas uathúil an aeráid a rialáil mar an linn charbóin is mó ar domhan. Tá sé ríthábhachtach gníomhaíocht a dhéanamh chun ár n-aigéin a chaomhnú, sa lá atá inniu ann agus do na glúine atá le teacht araon. Leis an g**Comhshocrú um na hAigéin**, cruthófar creat tagartha aonair do gach beartas a bhaineann leis na haigéin agus leagfar síos cur chuige cuimsitheach i leith gach gné den aigéan.

Tá bainistíocht inbhuanaithe uisce ar cheann de na dúshláin is mó atá romhainn maidir le tionchar an athraithe aeráide. Tá tuilte agus triomaigh ag éirí níos coitianta, mar a léirítear leis na himeachtaí tragóideacha a chuaigh i bhfeidhm ar an Eoraip le blianta beaga anuas. Maidir le h**athléimneacht uisce**, glacfaimid cur chuige ‘ó fhoinse go muir’ agus breithneoimid na dúshláin atá an-éagsúil inár réigiúin agus in earnálacha chun a áirithiú go ndéanfar foinsí uisce a bhainistiú i gceart, go dtabharfar aghaidh ar ghanntanas agus ar thruailliú, agus chun iomaíochas ár dtionscal uisce a mhéadú.

### 3.5. Ár ndaonlathas a chosaint, ár luachanna a chaomhnú

Is luachanna bunaidh de chuid an Aontais Eorpaigh iad an daonlathas, an smacht reachta agus cearta bunúsacha. Mar sin féin, ní féidir talamh slán a dhéanamh díobh i ndomhan ilroinnte agus polaraithe an lae inniu. Is orainne atá an fhreagracht chomhroinnte **ár mbunluachanna a chosaint agus a chothú** ar bhonn leanúnach. Sin an fáth a ndéanfaidh an Coimisiún a chuid oibre a dhoimhniú agus a threisiú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimh ár gcóras daonlathach, agus é ag seasamh leis an smacht reachta sna Ballstáit uile agus sochaí chuimsitheach a thógáil a chuirfidh ar chumas gach duine a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach. I ndáil leis an méid sin, leanfaidh an Coimisiún dá rannpháirtíocht leis na Ballstáit

maidir leis an smacht reachta agus déanfaidh sé tuilleadh forbartha ar an tuarascáil bhliantúil faireacháin ar an smacht reachta chun gnéithe den mhargadh aonair a chur san áireamh.

Tá stáit dhaonlathacha san Aontas Eorpach, agus ar fud an domhain, faoi ionsaí mar gheall ar antoisceachas atá ag dul i méid, bagairtí ar iriseoirí, cur isteach ar thoghcháin, ionramháil ar fhaisnéis a bheith á scaipeadh agus cineálacha éagsúla bagairtí hibrideacha. Is measa fós é sin mar gheall ar an digitiú, rud a fhágann gur féidir mífhaisnéis a scaipeadh ar luas nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo. Féachfaidh an **Sciath don Daonlathas** le dul i ngleic le cineál athraitheach na mbagairtí ar ár ndaonlathas agus ar ár bpróisis toghcháin. Tá ról tábhachtach ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta maidir lenár gcórais dhaonlathacha agus ár n-institiúidí daonlathacha a chosaint agus cuirfidh an Coimisiún seo dlús lena rannpháirtíocht chun **tacú leis an tsochaí shibhialta, í a chosaint agus í a chumhachtú**.

Tá dul chun cinn stairiúil déanta ag an Eoraip maidir leis an gcomhionannas inscne, ó thrédhearcacht pá agus cothromaíocht inscne ar bhoird cuideachtaí go cothromaíocht oibre is saoil, agus pá íosta leordhóthanach. Ach is gá níos mó a dhéanamh. Leagfar amach, i d**Treochlár um Chearta na mBan**, faoi cearta agus prionsabail, ár dtiomantas leanúnach, roimh Lá Idirnáisiúnta na mBan 2025.

Níl aon áit inár sochaí don idirdhealú atá bunaithe ar inscne, ar mhíchumas, ar ghnéaschlaonadh nó ar chine, ach is réaltacht laethúil é do go leor daoine san Eoraip. Déanfaimid an comhionannas a phríomhshruthú ar fud na mbeartas, agus cuirfimid straitéisí nua i láthair maidir le **LADTIA** agus frithchiníochas.

### 3.6. An Eoraip dhomhanda: Ár gcumhacht agus ár gcomhpháirtíochtaí a ghiaráil

I gcomhthéacs domhanda, ina bhfuil an t-ord idirnáisiúnta riailbhunaithe faoi bhrú níos mó ná riamh, **ní mór don Aontas a bheith níos teanntásaí agus a leasanna straitéiseacha á saothrú aige**. Áirítear leis sin ár n-oscailteacht trádála agus eacnamaíoch a chosaint, rud atá ríthábhachtach do rathúnas na hEorpa, chomh maith le tairiscint chuimsitheach ón Aontas a chur ar fáil sa timpeallacht dhigiteach. Is é an tosaíocht is mó a bheidh againn seasamh leis an Úcráin chomh fada agus is gá agus oibriú ar son a saoirse i bhfianaise chogadh foghach na Rúise. Tarlóidh sé sin go háirithe trí fhanacht ar an mbealach i dtreo todhchaí chobhsaí shlán don Úcráin mar chuid d'Aontas méadaithe.

Tá todhchaí réigiún an Mheánoirthir agus na hAfraice Thuaidh á hathscríobh faoi láthair. Ní mór don Aontas rannchuidiú leis an bpróiseas sin, agus tá sé tiomanta i gcónaí do shíocháin chóir chuimsitheach bhuan sa **Mheánoirthear** bunaithe ar an réiteach dhá stát. Leanfaimid ar aghaidh lenár gcuid oibre chuige sin. Ní mór don Aontas a chomhar leis an Liobáin, leis an Iordáin, leis an Iaráic, leis an Éigipt agus sa Mhuir Rua a threisiú freisin, agus cur leis an dul chun cinn atá déanta cheana féin tríd an gComhpháirtíocht Straitéiseach idir an tAontas Eorpach agus an Mhurascaill. Ní mór dúinn comhpháirtíocht nua a thógáil leis an tSiria agus féachaint arís ar an straitéis maidir leis an Iaráin.

Beidh sé d'aidhm ag an g**Comhshocrú don Mheánmhuir** borradh a chur faoin gcomhar sa réigiún agus comhpháirtíochtaí comhthairbheacha a chothú don dá chósta sa Mheánmhuir. Agus

an méid sin á dhéanamh aige, beidh sé dírithe ar dhaoine agus díreoidh sé ar infheistíocht inbhuanaithe, ar chobhsaíocht eacnamaíoch, ar chruthú post, ar fhuinneamh, ar bhainistiú inbhuanaithe acmhainní, ar nascacht, ar shlándáil agus imirce agus ar shoghluaisteacht, bunaithe ar leasanna comhroinnte agus luachanna comhchoiteanna.

Ar an gcaoi chéanna, tá gá le cur chuige straitéiseach nua i leith réigiún na **Mara Duibhe** chun cobhsaíocht agus athléimneacht a fheabhsú.

Mar phríomh-chomhpháirtí san Áise, oibreoimid leis an India i dtreo **clár oibre .Straitéiseach nua idir an tAontas** agus an India. Tar éis don Choláiste cuairt a thabhairt ar an India ag tús a shainordaithe, cuirfidh an clár oibre nua seo cur chuige cuimsitheach ar fáil chun réimsí comhleasa straitéisigh a shainaithint agus na tionscnaimh a chuideoidh leis na leasanna sin a dhaingniú, i gcomhréir le tosaíochtaí comhpháirteacha.

Trí Global Gateway a thabhairt ó straitéis nuathionscanta go straitéis atá i mbun fáis trí mhaoiniú príobháideach a shlógadh le haghaidh infheistíocht inbhuanaithe i dtíortha comhpháirtíochta, tá sé mar aidhm againn borradh a chur faoinár n-acmhainneacht infheistíochta straitéisí i dtíortha comhpháirtíochta, go háirithe trí bhearta sonracha beartais a shainaithint ar féidir iad a chur in úsáid ar leibhéal an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní ar mhaoiniú inbhuanaithe i dtíortha ísealioncaim agus meánioncaim. Ina theannta sin, déanfaimid measúnú sa chomhthéacs polaitiúil níos leithne ar an mbealach is fearr chun dul i ngleic le leochaileacht tíortha agus comhthéacsanna, laistigh de na hinfhaighteachtaí buiséadacha atá ann faoi láthair trí bheartais a ailíniú agus trí leas a bhaint as na hionstraimí ábhartha uile atá ann cheana.

### 3.7. <u>Torthaí a bhaint amach le chéile agus ár nAontas a ullmhú don todhchaí</u>

Le cúig bliana anuas, tá an tAontas ag dul faoi athrú ó bhonn agus san am céanna tá géarchéimeanna don ghlúin seo á sárú aige, ó phaindéim COVID-19 go cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus na tionchair eacnamaíocha a eascraíonn as sin. Tá reachtaíocht cheannródaíoch achtaithe ag an Aontas chun dul chun cinn a dhéanamh sa dá aistriú agus chun ár n-athléimneacht a threisiú. Tá sé ríthábhachtach anois tús áite a thabhairt don chur chun feidhme agus a áirithiú go mbeidh an tAontas oiriúnach don todhchaí, ó thaobh airgeadais agus institiúide de araon, bunaithe ar chaidreamh neartaithe le hinstitiúidí an Aontais.

Tíolacfaidh an Coimisiún **Buiséad Fadtéarmach nua de chuid an Aontais** (Creat Airgeadais Ilbhliantúil). Déanfar é a ailíniú níos fearr le tosaíochtaí agus cuspóirí an Aontais, agus díreofar é ar na réimsí is mó ina bhfuil gá le gníomhaíocht ón Aontas ar bhealach solúbtha. Beidh sé níos simplí sa chaoi a n-oibríonn sé agus beidh tionchar níos mó aige agus bainfear úsáid níos fearr as ár mbuiséad chun maoiniú náisiúnta, príobháideach agus institiúideach breise a ghiaráil.

Thart ar 21 bhliain tar éis an bhabhta is mó méadaithe agus leis an bhfís ár nAontas a fheabhsú trí phróiseas aontachais bunaithe ar fhiúntas, ní mór dúinn a áirithiú go bhfuilimid réidh le hAontas níos mó a bhaint amach. A bhuí leis na ceachtanna a foghlaimíodh ó mhéaduithe roimhe seo, tá an tAontas níos ullmhaithe anois chun a áirithiú go mbeidh sé ina spreagadh don dul chun cinn; agus go mbeidh an tAontas ag dul i ndoimhneacht de réir mar a leathnaíonn sé.

Sna h**athbhreithnithe beartais réamh-mhéadaithe** déanfar measúnú breise ar iarmhairtí agus tionchair an mhéadaithe ar bheartais uile an Aontais, sainaithneofar bearnaí beartais, sonrófar bearta chun deiseanna a dhéanamh de dhúshláin agus fiosrófar roghanna chun feabhas a chur ar rialachas an Aontais agus ar an gcumas gníomhú go tapa, rud a ráthóidh gur féidir lenár mbeartais leanúint de bheith ag cur torthaí éifeachtacha ar fáil in Aontas níos mó.

**Neartóidh an Coimisiún seo a chaidreamh leis an bParlaimint agus leis an gComhairle**, rud a áiritheoidh trédhearcacht, cuntasacht agus cumarsáid fheabhsaithe agus sreabha faisnéise feabhsaithe. Beidh na Coimisinéirí uile i láthair i bParlaimint na hEorpa, rachaidh siad i dteagmháil leis na Ballstáit agus beidh siad rannpháirteach i bhfoirmíochtaí ábhartha na Comhairle. Agus muid ag obair i gcomhar leis an bParlaimint, déanfaimid athbhreithniú go pras ar ár gCreat-Chomhaontú, agus ag an am céanna cuirfimid feabhas ar an gcomhar maidir le Rúin arna nglacadh ag an bParlaimint ina n-iarrtar tograí reachtacha bunaithe ar Airteagal 225 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus tabharfaimid údar cuí le húsáid Airteagal 122 den Chonradh sin in imthosca eisceachtúla agus éigeandála.

## 4. Athbhreithniú ar thograí ar feitheamh ar chomhaontú ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle

Rinne an Coimisiún grinnscrúdú ar na tograí uile a bhí ar feitheamh a nglactha ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle ag tús a shainordaithe agus rinne sé **measúnú i dtaobh ar cheart iad a choinneáil, a leasú nó a tharraingt siar** i bhfianaise na dtosaíochtaí beartais a leagadh síos don sainordú nua agus i bhfianaise na n-ionchas go nglacfar iad go luath amach anseo. Agus é sin á dhéanamh aige, rinne an Coimisiún breithniú cúramach ar na tuairimí a chuir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle in iúl.

Tar éis an mheasúnaithe sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún 37 dtogra a tharraingt siar go dtí go dtiocfar ar chomhaontú, a liostaítear in Iarscríbhinn IV, lena n-áirítear míniú ar na cúiseanna atá leis an tarraingt siar. Fágann sé sin gur féidir le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle a dtuairimí a chur in iúl, sula ndéanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir le leanúint ar aghaidh leis na haistarraingtí atá beartaithe.

Liostaítear in Iarscríbhinn III na tograí atá fós ar feitheamh.

## 5. Conclúid

Tá tús á chur le sainordú an Choimisiúin seo tráth a bhfuil suaitheadh mór domhanda ann. Ach tá deis iontach romhainn freisin chun Eoraip na todhchaí a mhúnlú. Leis an gclár oibre seo, cuirtear tús leis an ngníomhaíocht atá beartaithe chun **na cuspóirí agus na tosaíochtaí beartais uaillmhianacha atá leagtha síos againn don sainordú a bhaint amach**. Cuirtear chun cinn ann príomhstraitéisí, pleananna gníomhaíochta agus tionscnaimh reachtacha a bheidh mar **bhunchlocha don obair bhreise** a dhéanfar le linn an téarma seo chun freagairt dár n-uaillmhian Eoraip láidir, shlán agus rathúil a thógáil.

Na tionscnaimh a chuirfimid chun cinn, agus an **diongbháilteacht agus an aontacht** is gá, cuideoidh siad linn dul i ngleic leis na dúshláin atá romhainn. Tá sé léirithe arís agus arís eile ag an Aontas seo againne cad is féidir leis a bhaint amach nuair a ghníomhaíonn muid le chéile.

Oibreoidh an Coimisiún seo i ndlúthchomhar le hinstitiúidí an Aontais, le rialtais náisiúnta agus réigiúnacha, leis an earnáil phríobháideach, le comhpháirtithe sóisialta, le saoránaigh agus leis an tsochaí shibhialta. Trí dhul i gcomhar le chéile, neartóimid ár nAontas, agus áiritheoimid go ngníomhóidh sé i gcás ina bhfuil breisluach ag baint leis agus go gcomhlíonfaidh sé mianta shaoránaigh, ghnólachtaí agus pháirtithe leasmhara na hEorpa.